

Fogas umhla d'ainm ghaisgidh

[Ó Donnchadha, T. *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe*, Dublin, 1931, poem 17]

Ruaidhrí Óg Ó hEachuidhéin .cc.

1 Fagus umhla d'ainm gaisgidh,
coitchionn cách 'ga shíorchlaisdin;
gidh tuar anshóigh ceann i gceann,
gearr ó anóir gan fhuigheall.

2 Tuar umhla riamh do rochtuin,
gaisgeadh óigfhir d'fhionnochtuin,
d'éis troda ga mó maitheas,
foda dhó bhus degmhaitheas.

3 Túar umhla d'adhbhar flatha
buaidh ngaisgidh, dúil deghratha
do bhreith leis ar cháir gcuradh
gan gheis áigh gan urdhubhadh.

4 Umhal éigsi, cian 'ga chlos,
umhal thrá tuath is eaglos
don aos gaisgidh 'gar ghnáth geall
's cách ar gclaisdin a gcéimeann.

5 Ríoghraidh Éirionn sonn fa seach
do bhídís umhal áiseach
do laochroidh cosnaimh chláir Bhreagh
fa cosmhoil dáibh a déineamh.

6 Slógh Uladh gér chalma a gcath
do bheirdís an fhían Ultach
umhla do Choin an chleasraidh,
toil dob ullmha i n-imreasnoibh.

7 Uaisle Connacht, lámh do láimh,
tugsad d'Fhior Diadh mhac Damháin
tús comhóil cláir is cuilte,
onóir cáin is cumuirce.

8 Do Choin Raoi reudhmhac Dáire
tugsad triatha Tiormmáighe,
tuir gaisgidh gan fhoilcheas n-áigh
aisgidh oircheas is éadáil.

9 Conn mac Úna na gcéd gcath
amhlaidh fuair flaitheas Temhrach;
mur ghioll ar a ghaisgeadh sin

baister os cionn gach cúigidh.

10 An tí as fearr i ngaisgeadh glan
do shíol gCuinn na n-écht n-adhbhal,
clann reudhoinigh isíad soin,
do níad eunoighir orthoibh.

11 Mur an gcéadna d'uaisle is d'ágh;
ní fuláir 's is fiú Seaán,
do nós an chuire chiumsigh,
fós go n-uighe an urruimsin.

12 Cú Chulainn i gcleasaibh áigh
Cú Raoi is Fear Diadh mhac Damháin
gér dhoiligh ina ré a rádh,
a n-oighir isé Seaán.

13 Ní dhearna aoinneach aca
gaisgeadh ná gníomh curata
nach leantuir le laochmhac Airt
fraochshlat mur Earcoil ordhairc.

14 Ionnuá Bhríain go nua anosa
lenfuidh lorg na feadhiosa
ar ghníomh gach gaisgidh 's ar ghoil,
ar fhaisgin ríogh 's ar riaghoil.

15 Ní fhúair neach dá fhréimh roimhe
gan bhúaidh écht is iorghoile,
gan fhíoch, gan anbhuain n-eachtra,
críoch an ghlansluaigh Ghaoidhiolta.

16 Beanfaidh Seaán isé a shuim,
fear mur chách, aoibh is urruim
amach le céimionnoibh cion
sgath gach Éirionnaigh eision.

17 Seaán Ó Néill, luaidhtear linn,
ionnuá Bríain mhóir mheic Feidhlim,
do lúaidh Bearchán 'na bhuile
ós seanchlár cúain Chonuire.

18 'Sé do luaidh Colum Cile
i bhfuighlibh na fírinne,
aigneadh fial le ngeabhair geall,
grían i ndeaghaidh na díleann.

19 'Sé do thairngir Flann file,
fíreurlamh na fáisdine

laoch sáimh gan éra acht d'olcaibh
's do ráidh Séadna i senfhoclaibh.

20 Léightear i leabhroibh feasa
gurb é 's ní hiúl ainbhfeasa
an tairngertach tréunghaoth teann
Sénlaoch airmbertach Éirenn.

21 Hector ar chródha i gcathoibh;
Samson dorrdha i ndeacrachuibh;
réulla nach aomhaithidh olc
Saoraichil ceudhna ar chródhocht.

22 Caor mhianaigh fhola hEoghain;
croidhe reachtmhur ríghleomhain;
cosg airce d'fhialfhuil a shen;
fiadhuin chairte na gcóigeadh.

23 Éigne Banna bhus buan sruth;
eo lúthmhur Locha hEachuch;
maighre Line, laoch go ngoimh,
cridhe nach dtaoth re tromghoin.

24 Ursa theann, troigh ré ndocra
da thír i dtráth furtochta;
mur theasda gach lén da los,
an sén feasda budh fagus.